An dara saincheist dlí: Tásca neamhleora maidir le cinneadh cigireachta a ghlacadh

Dealraíonn sé nach raibh tásca leordhóthanacha ar iompar frithiomaíoch ag an gCoimisiún tráth a glacadh a chinneadh chun údar a thabhairt le cigireacht.

An tríú saincheist dlí: Ráiteas lochtach ar chúiseanna agus doiléire an chinnidh cigireachta

Ba cheart Airteagal 1 den chinneadh cigireachta a neamhniú toisc nach bhfuil sé réasúnaithe go leor agus go bhfuil cur síos leathan agus neamhshonrach gan teorainn ann ar ábhar na cigireachta, rud nach gcuireann ar chumas na n-iarratasóirí a n-oibleagáidí maidir le comhoibriú sa chigireacht a aithint gan débhrí.

An ceathrú saincheist dlí: Sárú ar phrionsabal na comhréireachta

Ba cheart Airteagal 1 den chinneadh cigireachta agus na cinntí breise a bhaineann leis, a rinne an Coimisiún le linn an imscrúdaithe, a neamhniú ar an bhforas gur sáraíodh prionsabal na comhréireachta. Baineann sé sin go háirithe le leanúint den chigireacht ag áitreabh an chosantóra sa Bhruiséil, arna ordú ag an gCoimisiún ar feadh tréimhse neamhtheoranta, rud a chuireann isteach go hiomarcach ar chearta na n-iarratasóirí.

An cúigiú saincheist dlí: Sárú ar cheanglais riachtanacha nós imeachta agus ar chearta cosanta

Theip ar an gCoimisiún a áirithiú go raibh na hacmhainní go léir ar fáil d'údaráis inniúla na hOstaire chun a gcumhacht rialaithe a fheidhmiú maidir le hurramú chearta bunúsacha na n-iarratasóirí le linn na cigireachta. Agus é sin á dhéanamh aige, sháraigh an Coimisiún ceanglais riachtanacha nós imeachta agus lagaigh sé cearta cosanta na n-iarratasóirí. Ina theannta sin, sháraigh an Coimisiún ceart na n-iarratasóirí chun cúnaimh dhlíthiúil, a chosnaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha.

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Meitheamh 2023 – Aliud Pharma v an Coimisiún**

**(Cás T-309/23)**

(2023/C 261/56)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Aliud Pharma GmbH (Laichingen, an Ghearmáin) (ionadaí: P. von Czettritz, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní; agus

— a ordú don Choimisiún Eorpach costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Bunaítear an chaingean, a tugadh i gcoinne Airteagail 1, 2 agus 3 den Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2023 [C(2023)3067 (final)] lena leasaítear an t-údarú margaíochta a deonaíodh le Cinneadh C(2014)601 (final) le haghaidh 'Tecfidera – Fúmaráit dé-mheitile', táirge íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, ar dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí: Earráid fhollasach mheasúnaithe agus mí-úsáid cumhachtaí i léiriú bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCásanna Uamtha C-438/21 P go C-440/21 P ([1]).

Sa chinneadh sin, níor dhéileáil an Chúirt Bhreithiúnais ach le measúnú an Choiste um Tháirgí Íocshláinte lena nÚsáid ag an Duine (CHMP) ón mbliain 2013 agus leis an gcinneadh ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2014. Idir an dá linn, áfach, rinne CHMP measúnú nua eolaíoch maidir leis an dá shubstaint sa táirge íocshláinte an 11 Samhain 2021, nár chuir an Chúirt san áireamh ar chor ar bith ina measúnú i dtaobh an raibh údar le cinneadh EMA an 30 Iúil 2018 gan bailíochtú a dhéanamh. Ar bhonn na Tuarascála Measúnaithe, áfach, ba léir nár shubstaint ghníomhach í an tsubstaint, agus nach raibh inti ach támhán, agus é de thoradh air sin gur tháinig an táirge íocshláinte faoin údarú foriomlán den údarú tosaigh.

2. An dara saincheist dlí: Earráid fhollasach mheasúnaithe agus cosaint margaíochta á deonú le haghaidh bliain eile faoi Airteagal 14(11) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ([2])

   Foráiltear le hAirteagal 14(11) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nach mór údarú do thásc teiripeach nua lena ngabhann tairbhe chliniciúil shuntasach i gcomparáid le teiripí atá ann cheana féin a dheonú laistigh de na chéad ocht mbliana tar éis an chéad údarú a dheonú, rud nach amhlaidh sa chás seo, ós rud é gur deonaíodh an chéad údarú an 30 Eanáir 2014 agus nár údaraíodh an dara tásc go dtí an 13 Bealtaine 2022. Dá bhrí sin, níor chomhlíonadh an coinníoll chun síneadh bliana eile a chur leis an gcosaint mhargaíochta de bhun Airteagal 14(11) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004.

([1]) Breithiúnas an 16 Márta 2023, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Pharmaceutical Works Polpharma*, C-438/21 P go C-440/21 P, EU:C:2023:213.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO 2004 L 136, lch. 1).

---

## Caingean arna tabhairt an 7 Meitheamh 2023 – Naturgy Energy Group v EUIPO – Global Power Service (gps global power service)

**(Cás T-312/23)**

(2023/C 261/57)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Naturgy Energy Group, SA (Maidrid, an Spáinn) (ionadaí: J. Mora Cortés, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Global Power Service SpA (Verona, an Iodáil)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ‘gps global power service’ – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 001 007

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 1 Márta 2023 i gCás R 505/2022-4

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní nó a chúlghairm, sa chaoi go ndíbhtear caingean R 505/2022-4, agus an marc atá faoi cheist a dheonú ina iomláine do na hearraí agus seirbhísí a iarrtar.

— A ordú do EUIPO agus don idirgaraí (má thagann sé os comhair na Cúirte agus má dhéanann sé idiragairt sa chaingean seo) na costais a íoc, lena n-áirítear na costais a bhaineann leis na himeachtaí os comhair na Rannóige Oibríochta agus os comhair an Cheathrú Bord Achomhairc de EUIPO.